

Clár um Dhrochúsáid Leanaí a Chosc

Teach an Droichid, Oispidéal Ghort na Silíní, BÁC 10. Teil. 01-6206347 rphost:staysafe@indigo.ie

Polasaí um Chosaint Leanaí

Réamhráiteas

Tá foireann agus bainistíocht Gaelscoil Lorgan tar éis polasaí ar chosaint dhrochúsáide leanaí atá ag teacht leis na moltaí agus na treoirlínte reatha a fhorbairt agus a aontú.

Pléann an polasaí seo le freagrachtaí na scoile sna réimsí seo a leanas:-

- a) Cosc - soláthar curaclaim
- b) Nósanna imeachta - nósanna imeachta maidir le hábhair inní / nochtadh eolais
- c) Cleachtas - barrchleachtas um chosaint leanaí

Cuirfear cóip den pholasaí seo ar fáil do gach ball foirne mar aon leis an chuid sin de Threoirlínte agus Nósanna Imeachta na Roinne Oideachais agus Eolaíochta um Chosaint Leanaí.

Tá sé mar dhualgas ar an bhfoireann uile iad féin a chur ar an eolas faoi 'Leanaí ar dTús' agus faoi threoirlínte agus nósanna imeachta an DES um chosaint leanaí.

Aidhmeanna

Is iad na haidhmeanna seo ná

- 1 Timpeallacht shlán, iontaobhach, freagrach agus ceanúil a chruthú
- 2 Oideachas ar scileanna sábháilteachta pearsanta a dhíríonn go sainiúil ar dhrochúsáid a chosc a chur ar fáil do gach leanbh sa scoil
- 3 Feasacht agus freagracht ar chosaint leanaí a fhorbairt i measc phobal uile na scoile
- 4 Nósanna imeachta don dea-chleachtas a chur i bhfeidhm chun na leanaí agus an fhoireann a chosaint
- 5 A dheimhniú go mbíonn eolas agus tuiscint ag foireann uile na scoile ar na treoirlínte 'Leanaí ar dTús' agus ar na treoirlínte agus na nósanna imeachta maidir le himní nó nochtadh eolais faoi dhrochúsáid leanaí a chur in iúl.
- 6 Oiliúint leanúnach a chur ar fáil don fhoireann sna réimsí seo agus i réimsí eile

Cosc

Is é an clár Bí Sábháilte an príomhfhoinsé a bhíonn in úsáid i scoileanna chun oideachas a chur ar pháistí maidir le drochúsáid a chosc. Tá an clár seo á múineadh mar chuid de churaclam SPHE na scoileanna faoin tsnáithe Sábháilteacht agus Cosaint (Sábháilteacht Phearsanta).

Nuair a chláraíonn tuismitheoirí a bpáiste cuirfear in iúl dóibh go mbíonn an clár Bí Sábháilte in úsáid sa scoil .

Déanfar ceachtanna foirmiúla an chlár a theagasc go hiomlán gach dara bliain mar atá leagtha síos i bplean timthrialla dhá bhliana an SPHE.

Déanfaidh an fhoireann gach iarracht a chinntiú go ndéanfar daingniú ar na teachtaireachtaí atá sa chlár nuair is féidir.

Tá machnamh déanta ag an fhoireann ar na rudaí seo a leanas:

An teagasc ar Bí Sábháilte i suíomh ilranga/ilchultúrtha (Ag freastal ar aois an pháiste).

Gaelscoileanna -Cuirfear an clár a theagasc trí Ghaeilge.

Bainfidh muid úsáid as an phácaiste Fán slán le leanaí a bhfuil deacrachtaí acu nuair is gá.

Beidh an múinteoir tacaíochta foghlama, an múinteoir acmhainne, agus an cúntóir riachtanas speisialta ag cuidiú leis an múinteoir ranga maidir leis an gclár um chosaint leanaí a theagasc nó a thacú nuair is gá.

Eagróimid cruinnithe eolais do thuismitheoirí má tá gá leo.

Cleachtas:

Leanfaidh an fhoireann go léir (múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta, foireann tacaíochta, rúnaíochta, feighlíochta srl.) sa scoil seo na moltaí don tuairisciú ar ábhair inní nó ar nochtadh eolais mar atá luaite i 'Leanaí ar dTús' agus i ndoiciméad na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, 'Treoirlínte agus Cleachtas um Chosaint Leanaí'.

(Féach a bhfuil ceangailte leis seo, leathanaigh 5 go 20 ó threoirlínte an DES thuas)

Tá Bord Bainistíochta na scoile seo tar éis Múinteoir Michelle a cheapadh mar Dhuine Ainmnithe Idirchaidrimh (DLP) agus Eóin ó hIarlaithe mar leas-Dhuine Ainmnithe Idirchaidrimh.

Tá sé comhaontaithe ag foireann agus bainistíocht na scoile:

- 1 Gach ábhar inní/nochtadh a bhaineann le cosaint leanaí a thuairisciú nuair a tharlaíonn sé sa chéad ásc chuig an DLP (nó an leas DLP nuair is cuí).
- 2 Go mbeadh gach tuairisc chuig an DLP dátaithe agus sínithe ag an duine a dhéanann an tuairisc sin.

Cloí go dian le rúndacht a chothabháil - ba chóir eolas agus ábhair inní nó nochtadh de dhrochúsáid a thabhairt ar bhun riachtanais.

Nósanna Imeachta:

Aithníonn foireann agus bord bainistíochta na scoile na réimsí seo a leanas mar réimsí inní i leith chosaint leanaí. Tar éis plé agus díospóireacht d'aontaigh an fhoireann agus an bord bainistíochta go nglacfaí leis na nósanna imeachta seo a leanas:

a) Teagmháil fhisiceach

Moltar do fhoireann na scoile gan teagmháil fhisciúil nach bhfuil oiriúnach a dhéanamh leis na leanaí sa scoil ach amháin má tá sábháilteacht agus sláinteachas an pháiste i mbaol.

Ba chóir go mbeadh teagmháil fhisiceach idir phearsanra na scoile agus an leanbh mar fhreagairt ar riachtanais an linbh agus ní riachtanais an duine fásta.

Cé gur féidir teagmháil fhisiceach a úsáid chun solás a thabhairt nó chun an leanbh a chur ar a suaimhneas nó chun cabhrú le leanbh ba

chóir do na fachtóirí seo a leanas a leanúint agus an t-íomchuíbheas a mheas:-

- 1 Go mbeadh sé inghlactha ag an leanbh
- 2 Go mbeadh sé oscailte agus nach mbeadh sé rúnda
- 3 Aois agus céim forbartha an linbh

Ba chóir do phearsanra na scoile aon rud a bhfuil nádúr pearsanta ag baint leis ar féidir le leanaí a dhéanamh dóibh féin a sheachaint.

b) Cuairteoirí / Aoichainteoirí:

Níor chóir cuairteoirí/aoichainteoirí a fhágáil leo féin le leanaí riamh. Tá an scoil (príomhoide/múinteoirí) freagrach as teastais aitheantais an chuirteora/ aoichainteora a sheiceáil agus a chinntiú go bhfuil an t-ábhar atá in úsáid acu cuí.

c) Leanáí a bhfuil cúnaimh leithris /riachtanais cúram pearsanta:

Aon uair a bhíonn cúnaimh leithris/riachtanais cúram pearsanta ag leanbh tionólfar cruinniú cúraim, roimh chlárú agus sula dtosaíonn an leanbh an scoil, idir tuismitheoirí/caomhnóirí, múinteoir ranga, cúntóir riachtanas speisialta, príomhoide agus más cuí, an dalta. Is é cuspóir an chruinnithe ná chun riachtanais an linbh a fháil amach agus chun na bealaí is fearr ar féidir leis an scoil freastal ar na riachtanais sin a dhéanamh amach. Cuirfear na comhaltaí foirne a bheidh páirteach sa chúram seo in aithne agus déanfar foráil d'ócáidí nuair a bheidh na comhaltaí foirne as láthair. Déanfar cóip scríofa den mhéid a chomhaontófar agus coinneofar i gcomhad an linbh é. Cuirtear seo in iúl do na tuismitheoirí agus don BB.

Déanfar taifead ar aon nós imeachta a imíonn ón gcleachtas agus cuirfear in iúl don DLP agus do na tuismitheoirí/caomhnóirí é.

d) Timpistí leithris:

Coinneofar fo-eadaí glana agus éadach oiriúnach sa scoil agus má bhíonn 'timpiste' den chineál sin ag dalta agus tairgfear éadach úr dóibh ar féidir leo athrú isteach ann sa chéad ásc .

Murar féidir le dalta ar cibé cúis é/í féin a ghlanadh a gcuid éadach a athrú iad féin agus nach féidir teagmháil a dhéanamh leis na tuismitheoirí/caomhnóirí tabharfaidh comhaltaí foirne a bhfuil aithne ag an leanbh orthu cúnaimh don leanbh.

I ngach cás den chineál sin déanfaidh muid gach iarracht go mbeadh beirt chomhalta foirne i láthair.

Coinneofar taifead ar eachtraí den chineál sin agus cuirfear an príomhoide agus na tuismitheoirí ar an eolas.

e) Teagasc duine ar dhuine

Is é polasaí na scoile é go bhfuil teagasc duine ar dhuine is fearr do leas an linbh uaireanta. Déanfar gach iarracht lena chinntiú go mbeidh an teagasc sin ar siúl i dtimpeallacht oscailte. Cuirfear tuismitheoirí leanaí atá páirteach i dteagasc duine ar dhuine ar an eolas.

Déanfar obair a dhéanann ár gcúntóirí riachtanais speisialta faoi stiúir an mhúinteora ranga i dtimpeallacht oscailte. Beidh an clár ama curtha os comhair an BB ionas go bhfuil siad eolasach faoi.

f) Éadaí a athrú do Chluichí/ Corpoideachas/ Snámh

Beifear ag súil go n-athróidh daltaí a gcuid éadaigh iad féin do chluichí / corpoideachas / snámh. Ní bheifear ag súil agus ní cheadófar ar chúinse ar bith go n-athróidh comhalta foirne/oibrí deonach éadaigh an linbh i saoráidí príobháideacha nó i gcubhachail.

Cé go ndéanfar gach iarracht cloí leis an gcleachtas is fearr, de réir mar atá aontaithe thuas, má tharlaíonn i gcás éigeandála nach mbíonn sé indéanta ná praiticiúil an cleachtas aontaithe a leanúint ba chóir cuntas iomlán den eachtra a chlárú agus a chur in iúl don phríomhoide agus do na tuismitheoirí.

Naisc le polasaithe eile / le réimsí pleanála:

Cosc: Curaclam SPHE, Snáithaonad 'Sábháilteacht agus Cosaint',
Cód Smachta na Scoile

Nósanna Imeachta: Polasaí Frith-Bhulaíochta.
Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta.

Athbhreithniú agus Monatóireacht

Déanfaidh an Bord Bainistíochta monatóireacht agus athbhreithniú ar an bpolasaí go rialta agus ag amanna eile de réir mar is gá.

An polasaí glactha ag an mBord Bainistíochta ar _____

Sínithe: _____
Cathaoirleach

Bhí athbhreithniú déanta ar an pholasáí seo ar an _____.

Bhí athbhreithniú déanta ar an pholasáí seo ar an _____.

Bhí athbhreithniú déanta ar an pholasáí seo ar an _____.

Bhí athbhreithniú déanta ar an pholasáí seo ar an _____.

Bhí athbhreithniú déanta ar an pholasáí seo ar an _____.